**Cur Chuige Cúntasaíochta Caitheamh Airgead faighte/caite maidir le scoilbhliain dár gcionn.**

Tá ócaidí ann I dtrea dheireadh na scoilbhliana ina bhfaighfear airgead a bhaineann leis an mbliain dár gcionn. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt costas tabhaithe a bhaineann leis an mbliain atá le teacht.

Má bhaineann ioncam nó caiteachas a tabhaíodh ag deireadh na bliana reatha leis an gcéad scoilbhliain eile, ba chóir iad a chur siar go dtí 2022/2023. Chomh fada agus is féidir Ioncam nó Caiteachas a chur I leith na bliana ábhartha, ba chóir ioncam/costais a chur isteach in Ioncam agus Costas na bliana sin.

Sampla
Mar shampla, má fhaigheann scoil airgead le haghaidh Árachas Scoláirí don scoilbhliain atá le teacht I mí Lúnasa leis an gcomhlacht Árachais,mar a bhaineann sé seo leis an mbliain dár gcionn, ba chóir é seo a chur siar go dtí an bhliain dár gcionn Is gá an t-airgead a fuarthas roimh ré a rangú mar Ioncam Scoile a Fuarthas Roimh Ré agus na costais a tabhaíodh roimh thús na scoilbhliana nua mar réamhaíocaíocht

**Bliain 1 Roimh thús na scoilbhliana seo chugainn**

| Gníomh | DR/SR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Airgead faighte le haghaidh Árachas Mac Léinn | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sóchmhainn Reatha |
| | SR | 2105 | Ioncam Scoile Faigihte Roimh Ré<br>Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/SR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Arachas Mac Léinn d'íoc leis an gCuideachta Arachais | DR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sóchmhainn Reatha |
| | SR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sóchmhainn Reatha |

**Bliain 2 An scoilbhliain seo chugainn**

| Gníomh | DR/SR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dialann chun Ioncam sa scoilbhliain cheart a léiriú | DR | 2105 | Ioncam Scoile Faighte Roimh Ré<br>Dliteanas Reatha |
| | SR | 3535 | Ioncam Árachais Mac Léinn<br>Ioncam |

| Gníomh | DR/SR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dialann chun Caiteachas sa scoilbhliain cheart a léiriú | DR | 4916 | Costas Árachais Mac Léinn<br>Costas |
| | SR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sóchmhainn Reatha |